Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6290/21**
**ADD 1**

**AGRILEG 25**
**VETER 9**
**DENLEG 7**
**DELACT 36**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 899 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 899 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2021) 899 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.2.2021
C(2021) 899 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún**

# IARSCRÍBHINN

***Liosta na dtáirgí cumaisc atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (Airteagal 3)***

Sa liosta sin, leagtar amach na táirgí cumaisc, i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) atá in úsáid san Aontas, nach gá iad a chur isteach le haghaidh rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

Nótaí a bhaineann leis an tábla:

**Colún (1) — Cód AN**

Léirítear Cód AN sa cholún seo. Tá AN, arna bhunú le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (Córas Comhchuibhithe (CC)) arna dhréachtú ag an gComhairle um Chomhar Custaim, dá ngairtear an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim faoi láthair, agus formheasta le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle[1]. Atáirgeann AN ceannteidil agus fo-cheannteidil CC chuig sé dhigit. Sainaithníonn an seachtú agus an t-ochtú digit fo-cheannteidil bhreise AN.

I gcás ina n-úsáidtear cód ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit nach bhfuil 'ex' ag gabháil leo, agus mura sonraítear a mhalairt, ní gá na táirgí cumaisc uile a bhfuil na ceithre dhigit sin curtha leo nó a chumhdaítear leis na ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit sin a chur isteach le haghaidh rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

I gcás nach bhfuil táirgí ainmhithe i dtáirgí cumaisc sonraithe áirithe faoi aon chód ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit agus nach bhfuil aon fhoroinn shonrach faoin gcód sin le fáil in AN, cuirtear 'ex' leis an gcód. Mar shampla, maidir le 'ex 2001 90 65', ní cheanglaítear seiceálacha a dhéanamh ag poist rialaithe teorann i gcás na dtáirgí a leagtar amach i gcolún (2).

**Colún (2) — Sainmhínithe**

Sa cholún sin, tugtar mionsonraí ar na táirgí cumaisc a chumhdaítear leis an díolúine ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

| Cóid AN | Sainmhínithe |
|---|---|
| (1) | (2) |
| 1704, ex 1806 20, ex 1806 31 00, ex 1806 32, ex 1806 90 11, ex 1806 90 19, ex 1806 90 31, ex 1806 90 39, ex 1806 90 50, ex 1806 90 90 | Milseogra (lena n-áirítear milseáin), seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |
| ex 1902 19, ex 1902 30, ex 1902 40 | Pasta, núdail agus cúscús a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |
| ex 1905 10, ex 1905 20, ex 1905 31, ex 1905 32, ex 1905 40, ex 1905 90 | Arán, cácaí, brioscaí, vaiféil agus abhlanna, roscaí, arán tóstáilte agus táirgí tóstáilte den chineál céanna a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |

[1] Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

| | |
|---|---|
| ex 2001 90 65, ex 2005 70 00, ex 1604 | Ológa líonta le hiasc a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |
| (2101) | Eastóscáin, úscraí agus tiúcháin, de chaife, de thae nó de mhaité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité díobh sin a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1). Siocaire rósta agus ionadaigh rósta eile caife, agus úisc, úscraí agus tiúcháin díobh a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1). |
| ex 2104 | Stoic anraith agus blastáin bia atá pacáistithe le haghaidh an tomhaltóir deiridh a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |
| ex 2106 | Blastáin bia atá pacáistithe le haghaidh an tomhaltóir deiridh, ina bhfuil táirgí próiseáilte ainmhithe (lena n-áirítear glúcósaimín, condróitin nó ciotósán) a cheanglaíonn ceanglais Airteagal 3(1) |
| ex 2208 70 | Licéir agus coirdéil a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(1) |